

# An Tuarascáil ó Choiste Uimh. 2 um Theorainn Toghlimistéar Áitiúil – 2018

## Local Electoral Area Boundary Committee No. 2 Report - 2018



# **An Tuarascáil ó Choiste Uimh. 2 um Theorainn Toghlimistéar Áitiúil – 2018**

---

## **Local Electoral Area Boundary Committee No. 2 Report - 2018**

---

Le ceannach díreach  
ó FOILSEACHÁIN RIALTAIS,  
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2  
(Teil: 076 1106 834 nó Riomhphost: [publications@opw.ie](mailto:publications@opw.ie))  
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

To be purchased from  
GOVERNMENT PUBLICATIONS,  
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.  
(Tel: 076 1106 834 or Email: [publications@opw.ie](mailto:publications@opw.ie))  
or through any bookseller.

© Rialtas na hÉireann 2018

Tá mapaí bunaithe ar an tSuirbhéireacht Ordanáis le cead ón Rialtas  
(Suirbhéireacht Ordanáis Éireann Ceadúnas OSi\_NMA\_072/18)

© Suirbhéireacht Ordanáis Éireann /  
Rialtas na hÉireann.



## Ábhair

	<b>Uimh. Leathanaigh.</b>
<b>Cur i Láthair na Tuarascála don Aire</b>	2
<b>Gluais téarmaí</b>	3
<b>1. Reachtaíocht, Clár um Chomhthéacs Rialtais agus Téarmaí Tagartha</b>	4
• Reachtaíocht - Forálacha dlí ar thoghcheantair áitiúla	
• Clár um Chomhthéacs Rialtais	
• Téarmaí Tagartha	
<b>2. Achoimre ar Tháblaí Moltaí</b>	8
<b>3. Coiste á Cheapadh agus Modhanna Oibre</b>	9
• Ceapadh agus Ballraíocht	
• Socraíochtaí Comhairliúcháin	
• Láithreán Gréasáin an Choiste um Theorainneacha	
• Aighneachtaí	
• Obair an Choiste	
<b>4. Cur i bhFeidhm na dTéarmaí Tagartha</b>	12
<b>5. Scrúdú agus Moltaí ar Údaráis Áitiúla</b>	
Cathair Chorcaí	15
Cathair Bhaile Átha Cliath	19
Dún Laoghaire–Ráth an Dúin	23
Fine Gall	27
Cathair na Gaillimhe	31
Baile Átha Cliath Theas	35
<b>Aguisíní</b>	
I Rialacha Nósanna Imeachta don Choiste Teorainneacha Toghcheantair Áitiúla Uimh. 2 2018	38
II Preasfhógra ag Lorg Aighneachtaí – 17 Eanáir 2018	39
III Liosta Aighneachtaí a Fuarthas	42
IV Téarmaí Tagartha – Coiste Uimh. 2	50
V Mapaí a thaispeánann na toghcheantair áitiúla cuí in 2013	53

## Cur i Láthair na Tuarascála don Aire

An tUas. John Paul Phelan, T.D.  
Aire Stáit na Roinne Tithíochta, Pleanála agus  
Rialtais Áitiúil  
Teach an Chustaim  
Baile Átha Cliath 1  
D01 W6XO

### Tuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil Uimh. 2 2018

A Aire Uasail,

Rinne tú muid a cheapadh mar bhaill den Choiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil Uimh. 2 ar an 13 Nollaig 2017 chun athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le ceantair údaráis áitiúla Chathair Bhaile Átha Cliath, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas. Is é a bhí i gceist leis seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar thoghcheantair áitiúla limistéar údaráis áitiúil atá roinnte faoi láthair in 26 toghcheantair áitiúil agus a ndéanann 183 Comhairleoir ionadaíocht orthu. Rinne tú muid a cheapadh ina dhiaidh sin, chun athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh faoi roinnt cheantair údaráis áitiúla i gCathair Chorcaí ar an 21 Márta 2018 agus i gCathair na Gaillimhe ar an 3 Bealtaine 2018. Tá an dá chontae sin roinnte faoi láthair i 9 dtoghcheantar áitiúil agus déanann 49 Comhairleoir ionadaíocht orthu.

Rinne an Coiste a riachtanais reachtaíochta a urramú agus é ag ullmhú a thuarascáil agus a chuid moltaí ag teacht leis na téarmaí tagartha agus laistigh den am a bhí leagtha síos don chúram seo.

Tá áthas orm, thar ceann an Choiste, tuarascáil comhlánaithe ar ár moltaí maidir leis an ábhar seo a chur faoi do bhráid.

Le dea-mhéin,

Tom O'Mahony  
Cathaoirleach  
An Coiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil, Coiste Uimh. 2

13 Meitheamh 2018

## **Gluais téarmaí**

### **An Coiste**

Bhunaigh an tUas. John Paul Phelan T.D, Aire Stáit sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtas Áitiúil An Coiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil Uimh. 2 agus bhí freagracht ar leith air maidir le Rialtas Áitiúil agus Leasú Toghcháin.

### **Toghranna**

Is iad sin na ceantair riaracháin is lú a bhfoilsítear staitisticí daonra ina leith. Tá 3,441 toghroinn sa Stát. Is de réir a n-ainmneacha reachtaíochta bunaithe a luaitear toghranna. I roinnt cásanna, tá siad sin difriúil ó sheolta agus logainmneacha a úsáidtear faoi láthair.

### **Toghcheantair áitiúla nó toghcheantair**

Faoi reachtaíocht rialtais áitiúil, tá an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil freagrach as gach cathair, contae, agus cathair is contae (is é sin Luimneach agus Port Láirge) a roinnt i dtoghcheantair áitiúla (a ndéantar tagairt dóibh freisin mar thoghcheantair) do chuspóirí toghcháin áitiúla. Go ginearálta bíonn roinnt toghcheantar curtha i ngrúpaí chun toghcheantar áitiúil a bhunú.

## 1. Reachtaíocht, Clár um Chomhthéacs Rialtais agus Téarmaí Tagartha

### Reachtaíocht - Forálacha dlí ar thoghcheantair áitiúla:

Tugann **Alt 23** den Acht Rialtais Áitiúil 2001 cumhacht don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil limistéar údaráis áitiúil a roinnt i dtoghcheantair áitiúla agus leasú a dhéanamh ar na limistéir sin.

Mar sin féin, sula socraíonn an tAire ordú a thabhairt faoi Alt 23 den Acht, caithfidh sé, de réir alt 32(2) den Acht Rialtais Áitiúil 1991, iarraidh ar choiste um theorainneacha tuarascáil a thabhairt ag tabhairt airde ar ábhair a bhíonn sonraithe ag an Aire.

Caithfidh an tAire tuarascáil an choiste um theorainneacha a fhoilsiú agus caithfidh sé aird a thabhairt ar thuarascáil an choiste sin nuair a bheidh sé ag tabhairt ordaithe maidir le teorainneacha thoghcheantar áitiúil.

Tá coistí um theorainneacha neamhspleách agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna agus scaoiltear leo nuair a bhíonn an tréimhse ama a shonraíonn an t-Aire nuair a bhunaítear an coiste, críochnaithe.

Bunaíodh an Coiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil Uimh. 1 agus Uimh. 2 le tagairt d'ailt 28, 32 agus 33 den Acht Rialtais Áitiúil 1991.

Déanann **Alt 28** foráil -

- gur féidir leis an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil coiste um theorainneacha a bhunú;
- go bhfuil coiste um theorainneacha neamhspleách maidir lena gcuid feidhmeanna a chur ag obair.

Déanann **Alt 32** foráil go bhféadfaí an tAire a iarraidh ar choiste um theorainneacha tuarascáil a ullmhú -

- maidir le teorainn aon limistéar nó aon roinn bunaithe ar theorainn rialtais áitiúil agus a mbaintear úsáid as faoi choinne aon chuspóir riaracháin poiblí a bhaineann le rialtas áitiúil;
- maidir le haon ábhar a bhíonn sonraithe ag an Aire a bhaineann le rialtas áitiúil.

Déanann **Alt 33** foráil -

- go ndéanfaidh an coiste um theorainneacha athbhreithniú ar na teorainneacha a iarrann an tAire, go ndéanann sé na moltaí a cheapann sé go bhfuil gá leo, agus go dtugann sé tuairisc don Aire;
- go dtabharfaidh an coiste um theorainneacha aird ar aon bhreithniú a shonraíonn an tAire;
- go rachaidh an coiste um theorainneacha i gcomhairle le haon chomhairle áitiúil a bhaineann an scéal leo agus go mbeidh aird aige ar an gcomhairle sin agus ar aon aighneacht a dhéantar;
- nuair a bhaineann an tuairisc le teorainn contae nó buirge contae (cathair) foilseoidh coiste fógra ag lorg aighneachtaí ó aon duine a bhfuil suim aige/aici ann;
- tabharfaidh an Coiste aird ar aon chomhairliúchán nó aighneacht mar sin a dhéantar.

## Clár um Chomhthéacs Rialtais

Leagann an Clár um Chomhpháirtíocht Rialtais amach roinnt gealltanais maidir le leasú rialtais áitiúil lena chinntiú go neartaíonn maoiniú, struchtúir agus freagrachtaí rialtais áitiúil daonlathas áitiúil amach anseo.

Tá tiomantas go háirithe sa Chlár le meas a dhéanamh maidir le méid limistéir thoghcheantair áitiúla a laghdú.

Agus é seo mar chúlra, d'fhógair an tAire Stáit ar an 13 Nollaig 2017 go raibh dhá choiste neamhspleách um theorainneacha bunaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar thoghcheantair áitiúla agus tuairisc a thabhairt, le moltaí laistigh de sé mhí. Foilsíodh ballraíocht gach coiste agus na téarmaí tagartha a tháinig leo mar chuid d'fhógra an Aire.

Iarradh ar Choiste Uimh. 1 tuairisc agus moltaí a thabhairt i leith gach contae, ach amháin Corcaigh, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall, Gaillimh agus Baile Átha Cliath Theas, chomh maith le Cathair agus Contae Luimnigh agus Cathair agus Contae Phort Láirge. Níor chóir go mbeadh níos lú ná cúigear na níos mó ná seachtar ar na Comhairlí sin d'aon thoghcheantar áitiúil, ag glacadh leis go bhféadfaí thoghcheantair áitiúla le 3 nó 4 shuíochán a mholadh i gcúinsí doshéanta ar leith.

Tugadh mar chúram do Choiste Uimh. 2 tuairisc agus moltaí a thabhairt ar Chathair Bhaile Átha Cliath, agus ar chontaetha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas. Níor chóir go mbeadh níos lú ná cúigear na níos mó ná seachtar ar na Comhairlí sin.

Fógraíodh freisin ag an am go mbunófaí téarmaí tagartha le hathbhreithniú a dhéanamh ar thoghcheantair áitiúla i gCorcaigh agus i nGaillimh in am trátha.

Cheadaigh an Rialtas Scéim Ginearálta Bhille Rialtais Áitiúil 2018 ar an 6 Meitheamh 2018 a thabharfaidh éifeacht don athrú ar an teorainn idir Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Chorcaí, chun leathnú a chur ar limistéar riaracháin an chomhairle cathrach. Tuigtear go bhfuiltear ag dul ar aghaidh leis an mBille a dhréachtú le súil é a fhoilsiú agus a achtú go luath. Tá foráil leis an mBille freisin chun príomhfheidhmeannach amháin a cheapadh a mbeidh freagracht dhéach aige/aici do Chomhairle Cathrach agus Comhairle Contae na Gaillimhe. Déanfaidh sé seo comhtháthú riaracháin an dá údarás a chumasú faoi choinne aontacht iomlán mar atá socraithe i bprionsabal ag an Rialtas a chur i bhfeidhm faoi 2021, mar a mhol Sainghrúpa Comhairleach in Aibreán 2018. Beidh toghcháin ar bun don dá chomhairle, mar údaráis neamhspleácha in 2019 ar bhonn thoghcheantair a bheidh deimhnithe mar thoradh ar an tuarascáil seo.

Fógraíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar thoghcheantair áitiúla i gCorcaigh ar an 21 Márta 2018 agus iarradh ar Choiste Uimh. 1 an sainchúram bhunaidh a bhí aige a leathnú amach agus bualadh faoi athbhreithniú a dhéanamh ar thoghcheantair áitiúla i gContae Chorcaí, agus tugadh cúram mar a chéile do Choiste Uimh. 2 maidir le Cathair Chorcaí. Ina theannta sin, iarradh ar Choiste Uimh. 1 ar an 3 Bealtaine 2018 athbhreithniú a dhéanamh maidir le Contae na Gaillimhe agus cuireadh an cúram céanna ar Choiste Uimh. 2 maidir le Cathair na Gaillimhe ar an mbonn go mbeadh na téarmaí tagartha cosúil leo siúd do na húdaráis áitiúla eile a raibh sé de chúram orthu cheana féin athbhreithniú á dhéanamh orthu.



## **Téarmaí Tagartha**

Cheap an tAire Stáit, an tUas. Paul Phelan, T.D. an Coiste ar an 13 Nollaig 2017 chun athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh ar Chathair Bhaile Átha Cliath agus ar chontaetha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas a roinnt isteach i dtoghcheantair áitiúla, agus chun moltaí a dhéanamh ar an líon ball i ngach comhairle a dhéanfaí a shannadh do gach toghcheantar áitiúil.

### **Coiste Uimh. 2 - Téarmaí Tagartha:**

1. Athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le Cathair Bhaile Átha Cliath agus le contaetha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas a roinnt i dtoghcheantair áitiúla agus an líon ball a bheadh sannta do gach toghcheantar mar sin.
2. D'fhonn cuspóir an athbhreithnithe, ba chóir go dtabharfadh an Coiste aird ar an daonra mar a bhí sé i nDaonáireamh 2016, go nglacfadh sé leis nach mbeadh aon athrú ar bhallraíocht iomlán gach údarás áitiúil a bhí sonraithe san Acht Rialtais Áitiúil 2001 mar atá leasaithe san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 agus is ceart dó, a oiread agus is féidir agus faoi réir ag riachtanais eile na dtéarmaí tagartha seo, athraitheas ón meán-ionadaíocht aonair in údarás áitiúla a choinneáil laistigh den raon móide nó lúide 10%.
3. Ní bheidh níos lú ná cúigear na níos mó ná seachtar comhairleoirí sannta do gach toghcheantar áitiúil.
4. Is ceart toghcheantair áitiúla eile a dhearadh, a oiread is féidir, timpeall ar bhailte uirbeacha, nó go bhfuil pointe (nó pointí) fócais acu le haird chuí ar fhéiniúlachtaí agus naisc áitiúla agus pobail chomh maith le teorainneacha nádúrtha agus ar an ngá atá le héifeachtúlacht rialaithe agus ionadaíochta na gcomhaltaí tofa a éascú, lena n-áirítear go háirithe, an gá atá le hainmniú toghcheantair áitiúla atá an-mhór ó thaobh achair nó a shíneann amach an iomarca ó thaobh faid nó thar an iliomad bailte, nó a dheighleann bailte uirbeacha aonarachacha nó pobail nádúrtha a sheachaint.
5. Ba chóir don Choiste aird a thabhairt ar an inmhianaitheacht, nuair is féidir sin a dhéanamh, le teorainneacha toghcheantair áitiúla a athlíniú le teorainneacha dailcheantar.
6. Beidh aird ag an gCoiste ar bheartas an Rialtais maidir le rialtas áitiúil, lena n-áirítear aon tuarascáil bhreise, ráiteas nó cinneadh a dhéantar maidir leis le linn an athbhreithnithe, agus ar aon treoir nó riachtanas eile a eisiúnn an tAire.
7. B'fhéidir go n-iarrfaí ar an gCoiste freisin moltaí a dhéanamh maidir le Corcaigh agus Gaillimh a roinnt i dtoghcheantair áitiúla. Socrófar na Téarmaí Tagartha d'fhonn an chuspóra sin in am trátha.

Is féidir na Téarmaí Tagartha do na hathbhreithnithe ar Chathair Chorcaí agus Chathair na Gaillimhe a fháil in Aquisín IV.

**Tuarascálacha Coiste:**

Éilítear ar Choiste Uimh. 1 agus Coiste Uimh. 2 tuairisc a thabhairt chomh luath agus is féidir, agus ar scor ar bith gan a bheith níos déanaí ná sé mhí ó bunaíodh é (.i. 13 Meitheamh 2018), chun moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm sách luath roimh na toghcháin áitiúla agus toghcháin na hEorpa 2019.

Tar éis tuarascáil gach coiste a mheas, déanfar na hionstraimí reachtúla a bhfuil gá leo chun toghcheantair áitiúla a athchóiriú de réir ailt 4 agus 23 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Chun cúlra breise a thabhairt, bunaíodh an Coiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil deiridh i Samhain 2012 agus thug sé tuairisc ar an 29 Bealtaine 2013, dhá mhí dhéag roimh thoghcháin áitiúla 2014. Ghlac an tAire go hiomlán le moltaí thuarascáil an Choiste agus rinneadh na hionstraimí reachtúla a thugann éifeacht dóibh in Eanáir 2014.

## 2. Achoimre ar Tháblaí Moltaí

### Líon iomlán na mball tofa

Níl aon athrú ar líon iomlán na mball tofa ná líon na mball laistigh de gach cathair agus contae seachas an chumraíocht reatha, mar a bhfuil curtha síos orthu i dtéarmaí tagartha an Choiste.

### Líon na mball a dhéanann ionadaíocht ar gach toghcheantar áitiúil

Taispeánann an Tábla thíos líon fhoriomlán na dtoghcheantar áitiúil de réir méide (.i. 5 go 7 mball) a mholann an Coiste.

**Tábla 1: Toghcheantair áitiúla a moltar de réir méide**

	5 bhall	6 bhall	7 mball	Iomlán
<b>Toghcheantair Áitiúla</b>	13	15	11	<b>39</b>
<b>Líon iomlán na mball</b>	65	90	77	<b>232</b>

Tá an líon ball atá sannta do gach údarás áitiúil ar leith agus líon agus méid na dtoghcheantar áitiúil do gach comhairle leagtha amach i dTábla 2 thíos.

**Tábla 2: Toghcheantair áitiúla a moltar de réir údarás áitiúil**

Údarás Áitiúil	Líon na mball	5	6	7	Iomlán na dToghcheantar Áitiúil
<b>Cathair Chorcaí</b>	31	-	4	1	<b>5</b>
<b>Cathair Bhaile Átha Cliath</b>	63	5	4	2	<b>11</b>
<b>Dún Laoghaire-Ráth an Dúin</b>	40	-	2	4	<b>6</b>
<b>Fine Gall</b>	40	4	1	2	<b>7</b>
<b>Cathair na Gaillimhe</b>	18	-	3	-	<b>3</b>
<b>Baile Átha Cliath Theas</b>	40	4	1	2	<b>7</b>
<b>Iomlán</b>	<b>232</b>	<b>13</b>	<b>15</b>	<b>11</b>	<b>39</b>

### 3. Coiste á Cheapadh agus Modhanna Oibre

#### Ceapadh agus Ballraíocht

Shínigh an tAire Stáit ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an tUas. John Paul Phelan, T.D. an t-ordú ag bunú an Choiste ar 13 Nollaig 2017. Cheap an tAire Phelan an Coiste ina dhiaidh sin ar an 21 Márta 2018 chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chathair Chorcaigh agus ar an 3 Bealtaine chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chathair na Gaillimhe. Ceapadh na daoine seo a leanas mar bhaill:

- Tom O'Mahony, Iar-Rúnaí Ginearálta, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Cathaoirleach)
- Peter Caulfield, Iar-Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Fhine Gall;
- An tOllamh Tom Collins, Cathaoirleach an Bhoird Rialúcháin, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath;
- Anne O'Keefe, Iar-Stiúrthóir, An Oifig um Bhainistíocht Údarás Áitiúil;

#### Socraíochtaí Comhairliúcháin

Bhí trí chomhairliúchán poiblí ag an gCoiste ón 17 Eanáir 2018, ag lorg aighneachtaí le bonn eolais a chur faoina chuid oibre. Bhí glao i gcomhair aighneachtaí ar dtús mar chuid de seo agus ina dhiaidh sin an dara agus an tríú glao ar aighneachtaí maidir le hathbhreithnithe Chorcaí agus na Gaillimhe.

Socraíodh sprioc-am den 19 Feabhra 2018 chun glacadh le haighneachtaí maidir leis an gcéad chomhairliúchán ar buaileadh faoi. Socraíodh sprioc-amanna ina dhiaidh sin den 9 Bealtaine agus 31 Bealtaine d'aighneachtaí maidir le Corcaigh agus Gaillimh, faoi seach.

Shocraigh an Coiste, agus é ag tabhairt airde ar fhráma ama an athbhreithnithe, gan glacadh ach le haighneachtaí scríofa i bhfoirm leictreonach nó i gcóip chrua amháin.

#### Fógraí

Foilsíodh fógraí poiblí ag lorg aighneachtaí ar dtús sna nuachtáin náisiúnta agus i seasca haon nuachtán áitiúil. Cuireadh fógra ag lorg aighneachtaí i nGaeilge freisin sa nuachtán Gaeilge *Seachtain*. Bhí tuilleadh fógraí sna nuachtáin náisiúnta agus sna nuachtáin áitiúla cuí ar an 11 Aibreán agus 8 Bealtaine 2018 maidir le hathbhreithnithe Chorcaí agus na Gaillimhe. Tá cóipeanna de na fógraí in Aguisín II.

#### Litreacha

Arna iarraidh ag an gCoiste, scríobh an rúnaíocht díreach ar an 17 Eanáir 2018 ar dtús agus ar an 10 Aibreán maidir le Corcaigh agus ar an 8 Bealtaine maidir le Gaillimh, ag lorg aighneachtaí a fháil uathu seo a leanas:

- Cathaoirligh na 31 údarás áitiúil, le haird gach Ball;
- Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na 31 údarás áitiúil;
- Baill den Dáil agus den Seanad;
- Baill na hÉireann de Pharlaimint na hEorpa, agus;
- Gach páirtí polaitiúil a bhí cláraithe.

Rinneadh an achainí ar aighneachtaí a chóipeáil chuig an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRA), Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC), Cumann Bhall na nÚdarás Áitiúil (CBUA) agus Cumann Rialtas Áitiúil Éireann (CRÁÉ).

### Láithreán Gréasáin an Choiste um Theorainneacha

Bunaíodh an láithreán gréasáin [www.boundarycommittee.ie](http://www.boundarycommittee.ie) chun poiblíocht agus eolas a thabhairt maidir le hobair an Choiste. Cuireadh nuashonraí ar fáil maidir le ceapadh an Choiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chorcaigh agus ar Ghaillimh. Foilsíodh gach achainí ar aighneachtaí, trí fhógra poiblí nó trí litir, ar an láithreán gréasáin. Foilsíodh aighneachtaí a fuarthas faoin dáta cuí ar an láithreán gréasáin. Rinneadh meabhrúcháin maidir leis na sprioc-amanna ar aighneachtaí a fháil a phostáil ar líne freisin.

### Aighneachtaí

Chuir 424 rannpháirtí 445 aighneacht ina iomlán chuig Coiste Uimh. 1 agus Coiste Uimh. 2 maidir leis an athbhreithniú ar gach údarás áitiúil suas go dtí an sprioc-am den 31 Bealtaine 2018. Díobh siúd, déanann 135 díobh tagairt don athbhreithniú ar thóg Coiste Uimh. 2 ar lámh. Bhí aighneachtaí a bhain go sonrach le húdaráis áitiúla ar leith ina measc agus freisin aighneachtaí ginearálta agus tuairimí ar níos mó ná aon údarás áitiúil amháin, agus maidir leis an athbhreithniú go ginearálta.

Fuarthas aighneachtaí ó réimse daoine aonaracha, ionadaithe poiblí, údaráis áitiúla, páirtithe polaitiúla agus eagraíochtaí pobail agus gnó. Thug na haighneachtaí a fuarthas forbheathnú soiléir ar na ceisteanna agus na dúshláin a bhíonn ag pobail éagsúla agus an luach atá le hionadaíocht atá cothrom go maith.

Ba mhaith leis an gCoiste iad siúd ar fad a rinne aighneachtaí a admháil agus buíochas a ghlacadh leo. Rinneadh scrúdú cúramach ar na haighneachtaí ar fad a fuarthas agus thug an t-eolas agus na ceisteanna a luadh ionchur luachmhar do bhreithniúcháin an Choiste.

Tugann Tábla 3 thíos miondealú ar na haighneachtaí chuig Coiste Uimh. 2 bunaithe ar a bhfoinse.

**Tábla 3: Miondealú ar Aighneachtaí a cuireadh chuig Coiste Uimh. 2 de réir Foinse**

Foinse na hAighneachta	Líon
Páirtithe Polaitiúla agus Brainsí	18
Ionadaithe Poiblí	39
Údaráis Áitiúla	3
Eagraíochtaí	11
Daoine Aonaracha	64
<b>Iomlán</b>	<b>135</b>

Tá liosta iomlán de na haighneachtaí a fuarthas in Aguisín III.

### **Obair an Choiste**

De réir Cuid V den Acht Rialtais Áitiúil 1991, chuir an tAire an fhoireann ar fáil chun cabhrú leis an obair.

Ba iad rúnaíocht an Choiste ná Emer Connolly, Príomhaí, Tom Gallagher, Príomhaí Cúnta, Ian Stuart-Mills, Oifigeach Riaracháin agus David Harbourne, Oifigeach Feidhmiúcháin. Is mian leis an gCoiste a mheas a léiriú ar ardchaighdeán obair na Rúnaíochta, a bhí cuimsitheach agus mionchúiseach an t-am ar fad.

Ghlac an Coiste le nósanna imeachta le cabhrú leis ina ghnó. Tá siad sin leagtha amach in Aguisín 1.

Bhí 7 cruinniú ag an gCoiste idir Eanáir 2018 agus Meitheamh 2018. Tagadh ar chomhaontú ar gach ábhar a tháinig faoi bhráid an Choiste de réir comhdhearcaidh, agus ní raibh aon chall leis na socruithe vótála a bhí ar fáil sna rialacha nósanna imeachta a úsáid.

## **4. Cur i bhFeidhm na dtéarmaí Tagartha**

### **Ceisteanna Ginearálta**

Tá na toghcheantair áitiúla a moltar sa tuarascáil seo curtha le chéile ar bhunús an daonra mar a bhí i nDaonáireamh 2016. Tháinig ardú de 3.8% ina iomlán ar dhaonra an Stáit idir Dhaonáireamh 2011 agus 2016. Léiríonn na contaetha agus na cathracha a ndearna an Coiste athbhreithniú orthu na ceantair údaráis áitiúla a raibh cuid de na rátaí fáis is airde sa Stát ar an daonra iontu sa tréimhse sin. Faoi na téarmaí tagartha ní raibh ach na hathruithe agus na gluaiseachtaí ar an daonra laistigh de gach ceantar contae agus cathrach cuí maidir le moltaí an Choiste.

Tá téarmaí tagartha an Choiste cosúil i roinnt bealaí leo siúd a úsáideadh in athbhreithnithe roimhe seo mar sin féin tá eilimintí athraithe iontu freisin. Leis an gcúlra seo, bhí an Coiste eolach ar thionchar athruithe suntasacha féideartha i méid agus i gcumraíocht thoghcheantair áitiúla ag teacht ón athbhreithniú. Le linn a chuid cruinnithe mar chuid den phróiseas athbhreithnithe, rinne an Coiste iarracht cothromaíocht chuí a chinntiú idir eilimintí difriúla na dtéarmaí tagartha, ag tabhairt ar aird timpeallacht uathúil, dáileadh daonra agus cúinsí gach toghcheantar áitiúil as ar tháinig moladh do gach ceann atá oiriúnach go huathúil don chomhcheangal cúinsí ar leith sin. Bhí sé riachtanach le gach moladh go mbeadh cothromaíocht ann de na fachtóirí cuí ar fad ar nós daonra, méid dhlúis an daonra uirbeach nó tuaithe, tíreolaíocht agus topagrafaíocht, chomh maith le ceangail pobail a thabhairt san áireamh. Rinneadh toghcheantair áitiúla a cheapadh le béim ar phobail ó fheidhmíocht na dtéarmaí tagartha sin le chéile; más bunaithe timpeall cheantair uirbeacha móra nó beaga é.

Rinneadh athbhreithniú ar na moltaí ar fad maidir le comhsheasmhacht agus lena gcloí leis na téarmaí tagartha.

Tugann na hailt a leanas breac chuntas ginearálta ar an mbealach ar thug an Coiste aghaidh ar eilimintí éagsúla na dtéarmaí tagartha. Cuirtear anailís ar leith ar fáil i ngach tuarascáil contae agus cathrach maidir le moltaí an Choiste.

### **Cóimheasa Daonra agus Ionadaíochta idir toghcheantair áitiúla**

Iarradh ar an gCoiste iarracht a dhéanamh, mar ab amhlaidh in athbhreithnithe roimhe seo, éagsúlacht ó ionadaíocht údaráis áitiúil aonair laistigh de réimse móide nó lúide 10% a bhaint amach chomh fada agus is féidir agus de réir na dtéarmaí tagartha eile. Tá sé cinntithe ag an gCoiste go bhfuil an raon inghlactha i bhfeidhm ina gcuid moltaí ar fad. Tá iarracht déanta ag an gCoiste, ag teacht ar a chuid moltaí, an éagsúlacht ón meán do na húdaráis áitiúla do gach toghcheantar áitiúil a íoslaghdú agus ag an am céanna breithnithe eile na téarmaí tagartha a thógáil san áireamh. Ba i dtoghcheantar áitiúil Bhaile Phámar - Chnoc an Fhuaráin (+7.5%) de Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus i dtoghcheantar áitiúil Ionchathrach Thoir Theas (-7.7%) de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a bhí na héagsúlachtaí ba mhó ó mheán dhaonra údarás áitiúil in aghaidh an bhaill. Chuir an gá a bhí le breithnithe eile, ar nós aitheantais agus ceangail pobail agus áitiúil mar shampla, agus teorainneacha a bhí sainithe go soiléir, scóip an Choiste ar an eolas le héagsúlachtaí a íoslaghdú.

## **Ballraíocht de réir Toghcheantar Áitiúil**

Ní fearacht athbhreithniú 2013 é, ní cheadaíonn téarmaí tagartha an athbhreithnithe seo toghcheantair áitiúla 8, 9 nó 10 suíochán agus is é an t-uasmhéid ar líon ball in aghaidh an toghcheantair ná 7, agus an t-íosmhéid ná 5. Tá toghcheantair áitiúla ann le os cionn 7 suíochán i gcúig nó sé údarás áitiúil a ndearna an Coiste athbhreithniú orthu agus bhí ga acu sin leis an moladh athraithe chun cloí leis na téarmaí tagartha.

## **Teorainneacha toghcheantair áitiúla a athlíniú le teorainneacha Dáilcheantair**

D'iarr téarmaí tagartha an athbhreithnithe ar ceithre toghcheantar áitiúil i mBaile Átha Cliath go dtabharfadh an Coiste aird ar an inmhianaitheacht, nuair is féidir sin a dhéanamh, le teorainneacha toghcheantair áitiúla a athlíniú le teorainneacha Dáilcheantair. Rinne an Coiste an cheist seo a mheas i ngach ceann de na ceithre toghcheantar áitiúil agus tháinig siad ar an tuairim gurbh fhéidir feabhas a chur ar an ailíniú ar theorainneacha toghcheantair áitiúla le teorainneacha Dáilcheantair i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus i mBaile Átha Cliath Theas. Mar sin féin, níorbh fhéidir teorainneacha toghcheantair áitiúla a ailíniú go hiomlán le teorainneacha Dáilcheantair in aon cheann de na ceithre cheantar údaráis áitiúil i mBaile Átha Cliath.

## **Aitheantais áitiúla agus pobal**

Na téarmaí tagartha chomh fada is nach amháin go mbeidh an Coiste dírithe ar bhailte uirbeacha agus pointe (pointí) fócais comharsanachta; ach go dtógfadh sé aitheantais agus naisc áitiúla agus pobal san áireamh agus an gá le héifeachtúlacht rialachais agus róil ionadaíochta bhaill tofa a éascú. Cuimsíonn na téarmaí tagartha freisin an gá atá le hainmniú toghcheantair áitiúla atá an-mhór ó thaobh achair nó a shíneann amach an iomarca ó thaobh faid nó thar an iliomad bailte, nó a dheighleann bailte uirbeacha aonaracha nó pobail nádúrtha, a sheachaint.

Rinne an Coiste athbhreithniú ar shé údarás áitiúil a bhí uirbeach den chuid is mó. Bhí roinnt ceantar laistigh de na húdaráis áitiúla sin nach raibh chomh uirbithe agus ceantair tuaithe nach raibh an oiread dlúis daonra iontu. Agus é ag breith na gceisteanna a bhain le haitheantais agus ceangail pobail tharraing an Coiste ar fhachtóirí ar nós dáimh le baile nó le baile uirbeach, patrúin lonnaíochta, topagrafaíocht, gnéithe suntasacha fisiciúla nádúrtha ar nós suíomh phríomhbhóithre, bóithre iarainn agus ceisteanna rochtain ginearálta idir ceantair dhifriúla.


## **Aighneachtaí**

Ba chabhair iad na haighneachtaí, a léirigh tuiscint láidir ar fheasacht pobail, le bonn eolais a chur faoin gCoiste. Chuir cuid mhaith acu béim ar cheangail nádúrtha idir áiteanna áirithe. Bhí ainmniú toghcheantair áitiúla áirithe mar ghné freisin de chuid mhaith aighneachtaí a fuarthas. I roinnt cásanna cuireadh béim ar eagraíochtaí spóirt agus cultúrtha. Cé nárbh fhéidir leis an gCoiste glacadh le gach moladh a rinneadh, rinneadh gach tuairim a bhreith agus a mheas. Chabhraigh na haighneachtaí le cur le tuiscint an Choiste ar cheisteanna a raibh spéis agus imní ar phobail áitiúla, ionadaithe poiblí agus daoine eile a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin iontu.



## 5. Scrúdú agus Moltaí ar Údaráis Áitiúla

### Cathair Chorcaí



## Cathair Chorcaí

### Forbhreathnú

Ba é daonra cheantar **Chomhairle Cathrach Chorcaí** roimh an athraithe aontaithe atá ag teacht ar an teorainn, mar a taifeadadh i nDaonáireamh 2016 ná 125,657, sin ardú de 5% ar Dhaonáireamh 2011 de 119,230. Thug na téarmaí tagartha treoir d'fhonn cuspóirí an athbhreithnithe, go mbeidh teorainn Chathair Chorcaí mar atá á thaispeáint ar an léarscáil atá iniata leis na téarmaí tagartha agus a dtabharfar éifeacht dlí dó faoin reachtaíocht atá le tarlú go luath. Tá pobal Chathair Chorcaí tar éis an athbhreithnithe teorann, mar a taifeadadh i nDaonáireamh 2016 deimhnithe mar **210,853**.

Tá 31 ball ar Chomhairle Cathrach Chorcaí faoi láthair, atá tofa ó cúig thoghcheantar áitiúil:

Toghcheantar Áitiúil	Líon na mball
Cathair Chorcaí Láir Thuaidh	5
Cathair Chorcaí Thoir Thuaidh	4
Cathair Chorcaí Thiar Thuaidh	4
Cathair Chorcaí Láir-Theas	5
Cathair Chorcaí Thoir Theas	7
Cathair Chorcaí Thiar Theas	6
<b>Iomlán</b>	<b>31</b>

Le daonra de **210,853**, agus 31 ball is é cóimheas daonra de réir ball Chathair Chorcaí ná **1:6,802**. Iarann na téarmaí tagartha ar an gcoiste éagsúlacht ó ionadaíocht údaráis áitiúil aonair laistigh de réimse móide nó lúide 10% a bhaint amach chomh fada agus is féidir agus de réir na dtéarmaí tagartha eile. Léiríonn sé sin réimse idir 6,122 agus 7,482 do Chathair Chorcaí.

Fuarthas fiche trí aighneacht maidir le Cathair Chorcaí agus chuir siad cuidiú luachmhar ar fáil le linn an phróisis bhreithnithe.

### Moltaí

Agus iad ag déanamh a gcuid moltaí d'aithin an Coiste tuairisc an tSainghrúpa Comhairleach ar Shocruithe Rialtais Áitiúil i gCorcaigh, go háirithe an moladh a rinne sé go mba chóir struchtúr na Comhairle Cathrach a bheith “bunaithe ar cúig cheantar (lár na cathrach san áireamh)”. Ar bhonn eolais na tuarascála agus na n-aighneachtaí a rinneadh, rinne an Coiste a mheas go cúramach cén chaoi ar chóir déileáil leis an gComhairle Cathrach, agus do lár na cathrach go háirithe ina chuid moltaí.

## Tuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil Uimh. 2 2018

Ba é conclúid an Choiste gur dócha go gcabhródh sé le comhtháthú agus le haitheantas na Comhairle Cathrach a chruthú an moladh a rinne sé go mbeadh struchtúr de chúig thoghcheantar áitiúil ann le cuid de lár na cathrach ag gach ceann acu.

Déanann moltaí an Choiste foráil do chúig thoghcheantar áitiúil déanta suas de thoghcheantar áitiúil amháin 7 suíochán agus ceithre thoghcheantar áitiúil 6 shuíochán.

Tá achoimre déanta ar mholtaí an Choiste mar a leanas:

<b>Toghcheantar Áitiúil</b>	<b>Líon na mball</b>	<b>Daonra 2016</b>	<b>Daonra de réir ball</b>	<b>Céatadán éagsúlachta</b>
Cathair Chorcaí Thoir Thuaidh	6	42,174	7,029	+ 3.3
Cathair Chorcaí Thiar Thuaidh	6	40,181	6,697	- 1.5
Cathair Chorcaí Láir-Theas	6	38,677	6,446	- 5.2
Cathair Chorcaí Thoir Theas	6	42,780	7,130	+ 4.8
Cathair Chorcaí Thiar Theas	7	47,041	6,720	- 1.2
<b>Iomlán</b>	<b>31</b>	<b>210,853</b>		

Is cur síos sonrach é seo a leanas a leagann amach na toghranna a dhéanann suas gach toghcheantar áitiúil atá molta:

### Cathair Chorcaí Thoir Thuaidh

Blackpool A, Blackpool B, Mayfield, Montenotte A, Montenotte B, St. Patrick's A, St. Patrick's B, St. Patrick's C, The Glen A, The Glen B, Tivoli A, Tivoli B, an chuid thoir de thoghroinn St. Mary's (cuid) agus na codanna de na toghranna a leanas atá laistigh de theorainn Chathair Chorcaí: Caherlag; Rathcooney (Cuid) agus Riverstown.

### Cathair Chorcaí Thiar Thuaidh

Churchfield, Commons, Fair Hill A, Fair Hill B, Fair Hill C, Farranferris A, Farranferris B, Farranferris C, Gurranebraher A, Gurranebraher B, Gurranebraher C, Gurranebraher D, Gurranebraher E, Knocknaheeny, Shanakiel, Shandon A, Shandon B, Sundays Well A, Sundays Well B, an chuid thiar de thoghroinn St. Mary's (cuid) agus na codanna de na toghranna a leanas atá laistigh de theorainn Chathair Chorcaí: Blarney; Carrigrohanebeg; Matehy agus Whitechurch.

### Cathair Chorcaí Láir-Theas

Ballyphehane A, Ballyphehane B, Centre A, Centre B, City Hall A, Evergreen, Gillabbey A, Gillabbey B, Gillabbey C, Greenmount, agus na codanna de thoghroinn Lehenagh atá taobh thoir den N27, Mardyke, Pouladuff A, Pouladuff B, South Gate A, South Gate B, The Lough, Togher B, Tramore A, Tramore B agus Tramore C, Turners Cross A, Turners Cross B, Turners Cross C, Turners Cross D, agus na codanna de thoghroinn Douglas atá laistigh de theorainn Chathair Chorcaí taobh thiar de líne tarraingthe ó dheas ón bpointe is faide soir de thoghroinn Lehenagh.


### Cathair Chorcaí Thoir Theas

Ballinlough A, Ballinlough B, Ballinlough C, Browningstown, City Hall B, Knockrea A, Knockrea B, Mahon A, Mahon B, Mahon C, na codanna de thoghroinn Douglas atá laistigh de theorainn Chathair Chorcaí ach nach bhfuil áirithe i dtoghcheantar Chathair Chorcaí Láir-Theas, agus na codanna de thoghroinn Monkstown Rural atá laistigh de theorainn Chathair Chorcaí.

### Cathair Chorcaí Thiar Theas

Bishopstown A, Bishopstown B, Bishopstown C, Bishopstown D, Bishopstown E, Bishopstown (cuid), Glasheen A, Glasheen B, Glasheen C, an chuid de thoghroinn Lehenagh nach bhfuil ináirithe i dtoghcheantar Chathair Chorcaí Láir-Theas, Togher A, agus na codanna de na toghranna a leanas atá laistigh de theorainn Chathair Chorcaí: Ballincollig, Ballygarvan, Inishkenny, agus Ovens.

# Cathair Bhaile Átha Cliath



## Cathair Bhaile Átha Cliath

### Forbhreathnú

Ba é an daonra **Chathair Bhaile Átha Cliath** bunaithe ar dhaonáireamh 2016 ná **554,554**, sin ardú de 5% ar dhaonáireamh 2011 de 527,612. Tá 63 ball ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath atá tofa ó chúig thoghcheantar áitiúil. Is mar seo a leanas atá an staid faoi láthair:

Toghcheantar Áitiúil	Líon na mball
Baile Formaid - Droimeanach	6
Baile Munna	7
Beaumont – Domhnach Míde	9
An Chabhrach – Fionnghlas	7
Cluain Tarbh	6
Cromghlinn – Camaigh	6
Lár na Cathrach Thuaidh	8
Peambróg – Duga Theas	8
Ráth Garbh – Ráth Maonais	6
<b>Iomlán</b>	<b>63</b>

Le daonra de **554,554**, agus **63 ball**, is é cóimheas daonra de réir ball Chathair Bhaile Átha Cliath ná **1:8,802**. Iarann na téarmaí tagartha ar an gcoiste éagsúlacht ó ionadaíocht údarais áitiúil aonair laistigh de réimse móide nó lúide 10% a bhaint amach chomh fada agus is féidir agus de réir na dtéarmaí tagartha eile. Léiríonn sé sin réimse idir 7,922 agus 9,683 do Chathair Bhaile Átha Cliath.

Fuarthas caoga aighneacht maidir le Cathair Bhaile Átha Cliath, a ndearna an Coiste iad a chíoradh go cúramach agus chuir siad cuidiú luachmhar ar fáil le linn an phróisis bhreithnithe.

### Moltaí

Éilíonn téarmaí tagartha an Choiste nach mbeidh líon na mball in aon toghcheantar áitiúil níos lú ná cúigear ná níos mó ná seachtar. Ní féidir an staid reatha, le dhá thoghcheantar áitiúil 8 suíochán agus toghcheantar áitiúil amháin le 9 suíochán a choinneáil.

Molann an Coiste go mbeadh dhá thoghcheantar áitiúil breise ann, toghcheantar áitiúil amháin eile ar gach taobh den Life. Fuair an Coiste amach nárbh fhéidir ailíniú níos fearr a dhéanamh ar theorainneacha toghcheantar áitiúil le teorainneacha Dáilcheantair, a raibh sé cinn díobh laistigh, nó cuid díobh laistigh de Cheantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tugann moltaí an Choiste foráil do aon toghcheantar áitiúil déag: dhá thoghcheantar áitiúil 7 suíochán; ceithre thoghcheantar áitiúil 6 shuíochán agus cúig thoghcheantar áitiúil 5 shuíochán.

Tuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil Uimh. 2 2018

Tá achoimre déanta ar mholtaí an Choiste mar a leanas:

<b>Toghcheantar Áitiúil</b>	<b>Líon na mball</b>	<b>Daonra 2016</b>	<b>Daonra de réir ball</b>	<b>Céatadán éagsúlachta</b>
Ard Aidhin-An Halla Bán	6	51,156	8,526	- 3.1
Baile Formaid-Droimeanach	5	46,068	9,214	+ 4.7
Baile Munna-Fionnghlas	6	55,010	9,168	+ 4.2
An Chabrach-Glas Naíon	7	58,652	8,379	- 4.8
Cluain Tarbh	6	54,182	9,030	+ 2.6
Domhnach Míde	5	41,593	8,319	- 5.5
Camaigh-Ráth Maonais	6	55,861	9,310	+ 5.8
Peambróg	5	45,473	9,095	+ 3.3
Lár na Cathrach Thuaidh	7	63,612	9,087	+ 3.2
Lár na Cathrach Thiar Theas	5	42,344	8,469	- 3.8
Lár na Cathrach Thoir Theas	5	40,603	8,121	- 7.7
<b>Iomlán</b>	<b>63</b>	<b>554,554</b>		

Is cur síos sonrach é seo a leanas a leagann amach na toghranna a dhéanann suas gach toghcheantar áitiúil atá molta:

Ard Aidhin - An Halla Bán

Beaumont A, Beaumont B, Beaumont C, Harmonstown A, Kilmore A, Kilmore B, Kilmore C, Kilmore D, Priorswood A, Priorswood B, Priorswood C, Priorswood D, Priorswood E, Whitehall A, Whitehall B, Whitehall C agus Whitehall D.

Baile Formaid - Droimeanach

Carna, Chapelizod, Cherry Orchard A, Cherry Orchard C, Crumlin A, Crumlin E, Crumlin F, Decies, Drumfinn, Inchicore A, Inchicore B, Kilmainham A, Kylemore, Walkinstown A, Walkinstown B agus Walkinstown C.

Baile Munna - Fionnghlas

Ballygall A, Ballygall B, Ballygall C, Ballygall D, Ballymun A, Ballymun B, Ballymun C, Ballymun D, Ballymun E, Ballymun F, Finglas North A, Finglas North B, Finglas North C, Finglas South A, Finglas South B, Finglas South C agus Finglas South D.

### An Chabhrach - Glas Naíon

Arran Quay A, Ashtown A, Ashtown B, Botanic A, Botanic B, Botanic C, Cabra East A, Cabra East B, Cabra East C, Cabra West A, Cabra West B, Cabra West C, Cabra West D, Drumcondra South C, Inns Quay A, Inns Quay B, agus an chuid sin de thoghroinn Phoenix Park nach bhfuil laistigh de thoghcheantar Lár na Cathrach Thiar Theas.

### Cluain Tarbh

Beaumont D, Beaumont E, Beaumont F, Clontarf East A, Clontarf East B, Clontarf East C, Clontarf East D, Clontarf East E, Clontarf West A, Clontarf West B, Clontarf West C, Clontarf West D, Clontarf West E, Drumcondra South A, Grace Park agus Harmonstown B.

### Domhnach Míde

Ayrfield, Edenmore, Grange A, Grange B, Grange C, Grange D, Grange E, Raheny-Foxfield, Raheny-Greendale agus Raheny-St. Assam.

### Camaigh - Ráth Maonais

Crumlin B, Crumlin C, Crumlin D, Kimmage A, Kimmage B, Kimmage C, Kimmage D, Kimmage E, Rathfarnham, Rathmines West A, Rathmines West C, Rathmines West D, Rathmines West E, Rathmines West F, Terenure A, Terenure B, Terenure C agus Terenure D.

### Lár na Cathrach Thuaidh

Arran Quay B, Arran Quay C, Arran Quay D, Arran Quay E, Ballybough A, Ballybough B, Drumcondra South B, Inns Quay C, Mountjoy A, Mountjoy B, North City, North Dock A, North Dock B, North Dock C, Rotunda A agus Rotunda B.

### Peambróg

Pembroke East B, Pembroke East C, Pembroke East D, Pembroke East E, Pembroke West B, Pembroke West C, Rathmines East A, Rathmines East B, Rathmines East C, Rathmines East D agus Rathmines West B.

### Lár na Cathrach Thoir Theas


Mansion House A, Mansion House B, Pembroke East A, Pembroke West A, Royal Exchange A, Royal Exchange B, St. Kevin's, South Dock, Wood Quay A agus Wood Quay B.

### Lár na Cathrach Thiar Theas

Kilmainham B, Kilmainham C, Merchants Quay A, Merchants Quay B, Merchants Quay C, Merchants Quay D, Merchants Quay E, Merchants Quay F, Ushers A, Ushers B, Ushers C, Ushers D, Ushers E, Ushers F, agus an chuid de thoghroinn Phoenix Park atá suite idir teorainneacha thuaidh Kilmainham B agus Ushers A agus teorainn theas Phoenix Park.



# Dún Laoghaire - Ráth an Dúin



## Dún Laoghaire–Ráth an Dúin

### Forbheathnú

Ba é daonra **Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin**, bunaithe ar dhaonáireamh 2016, ná **218,018**, sin ardú de 5.7% ar dhaonáireamh 2011 de 206,261. Tá 40 ball ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin atá tofa ó shé thoghcheantar áitiúil.

Is mar seo a leanas atá an staid faoi láthair:

<b>Toghcheantar Áitiúil</b>	<b>Líon na mball</b>
Cill Iníon Léinín - Seanchill	6
An Charraig Dhubh	6
Dún Droma	7
Dún Laoghaire	8
Gleann Cuilinn - Áth an Ghainimh	7
Stigh Lorgan	6
<b>Iomlán</b>	<b>40</b>

Le daonra de **218,018 agus 40 ball**, is é cóimheas daonra aonair de réir baill Dhún Laoghaire-Rath an Dúin ná **1:5,450**. Éilíonn na téarmaí tagartha éagsúlacht ó ionadaíocht údaráis áitiúil aonair laistigh de réimse móide nó lúide 10%. Léiríonn sé sin réimse idir 4,905 agus 5,995 do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Fuarthas sé aighneacht maidir le Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, a ndearna an Coiste iad a chíoradh go cúramach agus chuir siad cuidiú luachmhar ar fáil le linn an phróisis bhreithnithe.

### Moltaí

Éilíonn téarmaí tagartha an Choiste nach mbeidh líon na mball in aon toghcheantar áitiúil níos lú ná cúigear ná níos mó ná seachtar. Ní féidir an staid reatha, le toghcheantar áitiúil 8 suíochán do Dhún Laoghaire, a choinneáil.

Tugann moltaí an Choiste foráil le go gcoinneofaí an chumraíocht atá ann de shé thoghcheantar áitiúil, le seacht suíochán sannta do thoghcheantar áitiúil Dhún Laoghaire agus seacht suíochán sannta do thoghcheantar áitiúil Chill Iníon Léinín – Seanchill.

Chun feabhas a chur ar chothromaíocht na hionadaíochta, tá toghroinn Charraig an tSionnaigh-Pháirc na Feá aistrithe isteach i dtoghcheantar áitiúil na Carraige Duibhe. Tá toghroinn Chábán tSíle-Bhaile Uí Lachnáin ináirithe i dtoghcheantar áitiúil Chill Iníon Léinín - Seanchill, rud a dhéanann ailíniú níos fearr ar theorainneacha toghcheantar áitiúil le teorainneacha Dháilcheantar Dhún Laoghaire. Níl aon athrú déanta ar theorainneacha aon cheann de na toghcheantair áitiúla eile.

Tuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil Uimh. 2 2018

Tugann moltaí an Choiste foráil do sé thoghcheantar áitiúil :  
ceithre thoghcheantar áitiúil 7 suíochán agus dhá thoghcheantar áitiúil 6 shuíochán.

Tá achoimre déanta ar mholtaí an Choiste mar a leanas:

<b>Toghcheantar Áitiúil</b>	<b>Líon na mball</b>	<b>Daonra 2016</b>	<b>Daonra de réir ball</b>	<b>Céatadán éagsúlachta</b>
Cill Iníon Léinín-Seanchill	7	39,164	5,595	+ 2.6%
An Charraig Dhubh	6	33,727	5,621	+ 3.1%
Dún Droma	7	37,452	5,350	- 1.8%
Dún Laoghaire	7	40,545	5,792	+ 6.3%
Gleann Cuilinn-Áth an Ghainimh	7	36,622	5,232	- 4.0%
Stigh Lorgan	6	30,508	5,085	- 6.7%
<b>Iomlán</b>	<b>40</b>	<b>218,018</b>		

Is cur síos sonrath é seo a leanas a leagann amach na toghranna a dhéanann suas gach toghcheantar áitiúil atá molta:

Cill Iníon Léinín -Seanchill

Ballybrack, Cabinteely-Granitefield, Cabinteely-Kilbogget, Cabinteely-Loughlinstown, Dalkey-Avondale, Killiney North, Killiney South, Shankill-Rathmichael, Shankill-Rathsallagh agus Shankill-Shanganagh.

An Charraig Dhubh

Blackrock-Boosterstown, Blackrock-Carysfort, Blackrock-Central, Blackrock-Glenomena, Blackrock-Newpark, Blackrock-Seapoint, Blackrock-Templehill, Blackrock-Williamstown, Foxrock-Beechpark, Foxrock-Deansgrange, Stillorgan-Priory; na codanna sin de thoghroinn Blackrock-Monkstown atá suite taobh thiar de líne tarraingthe ar Bhóthar Shráid an tSruháin, agus na codanna sin de thoghroinn Blackrock-Stradbroke atá suite taobh thiar de líne tarraingthe ar Bhóthar Shráid an tSruháin.

Dún Droma

Ballinteer-Broadford, Ballinteer-Ludford, Ballinteer-Meadowbroads, Ballinteer-Meadowmount, Churchtown-Castle, Churchtown-Landscape, Churchtown-Nutgrove, Churchtown-Orwell, Churchtown-Woodlawn, Clonskeagh-Farranboley, Clonskeagh-Windy Arbour, Dundrum-Kilmacud, Dundrum-Sweetmount, Dundrum-Taney; an chuid sin de thoghroinn Ballinteer-Marley atá suite ó thuaidh de líne tarraingthe ar Bhóthar na Gráinsí; an chuid sin de thoghroinn Dundrum-Balally atá suite ó thuaidh de líne tarraingthe ar Chéide an Draighin, agus an chuid sin de thoghroinn Dundrum-Sandyford atá suite ó thuaidh de líne tarraingthe mar a leanas: ag tosú ag an gcrosbhealach, ag coirnéal thoir-theas thoghroinn Ballinteer-Ludford, de theorainn theas thoghroinn Ballinteer-Ludford agus theorainn thiar thoghroinn Dundrum-Sandyford, ansin ag dul sa treo soir ar theorainn theas fhearann Ghort Mhuire go dtí an pointe a mbuaileann sé le Páirc Ballawley, ansin ag tosú i dtreo soir agus

ag leanúint teorainn thuaidh na páirce atá luaite go dtí a crosbhealach le teorainn thoir thoghroinn Dundrum-Sandyford.

#### Dún Laoghaire

Cabinteely-Pottery, Dalkey-Bullock, Dalkey-Coliemore, Dalkey Hill, Dalkey Upper, Dún Laoghaire-East Central, Dún Laoghaire-Glasthule, Dún Laoghaire-Glenageary, Dún Laoghaire-Monkstown Farm, Dún Laoghaire-Mount Town, Dún Laoghaire-Sallynoggin East, Dún Laoghaire-Sallynoggin South, Dún Laoghaire-Sallynoggin West, Dún Laoghaire-Salthill, Dún Laoghaire-Sandycove, Dún Laoghaire-West Central; an chuid sin de thoghroinn Blackrock-Monkstown nach bhfuil i dtoghcheantar áitiúil Blackrock, agus an chuid de thoghroinn Blackrock-Stradbroom nach bhfuil i dtoghcheantar áitiúil Blackrock.


#### Gleann Cuilinn -Áth an Ghainimh

Ballinteer-Woodpark, Glencullen, Tibbradden; an chuid sin de thoghroinn Ballinteer-Marley nach bhfuil i dtoghcheantar áitiúil Dundrum; an chuid sin de thoghroinn Dundrum-Balally nach bhfuil i dtoghcheantar áitiúil Dundrum, agus an chuid de thoghroinn Dundrum-Sandyford nach bhfuil i dtoghcheantar áitiúil Dundrum.

#### Stigh Lorgan

Clonskeagh-Belfield, Clonskeagh-Milltown, Clonskeagh-Roebuck, Foxrock-Carrickmines, Foxrock-Torquay, Stillorgan-Deerpark, Stillorgan-Kilmacud, Stillorgan-Leopardstown, Stillorgan-Merville agus Stillorgan-Mount Merrion.

## Fine Gall



## Fine Gall

### Forbheathnú

Ba é daonra **Fhine Gall** bunaithe ar dhaonáireamh 2016 ná **296,020**, sin ardú de 8% ar dhaonáireamh 2011 de 273,991, rud a d'fhág go raibh sé ar an toghroinn a dtáinig an fás is sciobtha air sa stát. Tá 40 ball ar Chomhairle Contae Fhine Gall atá tofa ó naoi dtoghcheantar áitiúil. Is mar seo a leanas atá an staid faoi láthair:

Toghcheantar Áitiúil	Líon na mball
Baile Brigín	8
Caisleán Cnucha	7
Binn Éadair - Mullach Íde	8
Mullach Eadrad	8
Sord	9
<b>Iomlán</b>	<b>40</b>

### Daonra de réir ball

Le daonra de **296,020**, agus **40** ball, is é cóimheas daonra de réir ball Fhine Gall ná **1: 7,400**. Iarann na téarmaí tagartha ar an gcoiste éagsúlacht ó ionadaíocht údarais áitiúil aonair laistigh de réimse móide nó lúide 10% a bhaint amach chomh fada agus is féidir agus de réir na dtéarmaí tagartha eile. Maidir le Fine Gall léiríonn sé sin réimse idir 6,660 agus 8,140 an bhaill.

Fuarthas 39 aighneacht maidir le Fine Gall, a ndearna an Coiste iad a chíoradh go cúramach agus chuir siad cuidiú luachmhar ar fáil le linn an phróisis bhreithnithe.

### Moltaí

